Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11243 — KKR / TELEFONICA / PANGEACO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 344/19)

1. An 21 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKR & Co. Inc. ('KKR', Delaware, na Stáit Aontaithe),

— Telefónica, S.A. ('Telefónica', an Spáinn),

— PangeaCo S.A.C. ('Cuideachta sprice', Peiriú).

Gheobhaidh KKR agus Telefónica rialú comhpháirteach ar PangeaCo S.A.C. de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a chuireann bainistíocht sócmhainní malartacha ar fáil chomh maith le réitigh margaí caipitil agus árachais,

— Is cuideachta teileachumarsáide domhanda é Telefónica a oibríonn líonraí cumarsáide seasta agus móibíleacha. Cuireann sé seirbhísí móibíleacha, líne talún, idirlín agus teilifíse ar fáil faoi roinnt brandaí, lena n-áirítear Movistar, O2 agus Vivo. Liostaítear Telefónica ar stocmhalartáin Mhaidrid, Nua Eabhrac agus Líoma,

— Is cuideachta í an chuideachta sprice atá corpraithe i bPeiriú chun bonneagar líonra snáthoptaice a oibriú agus a chur in úsáid maidir le seirbhísí teileachumarsáide mórdhíola a sholáthar i bPeiriú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11243 — KKR / TELEFONICA / PANGEACO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË